

# An Coimisiún um Chosaint Sonraí

## Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní

### Tréimhse Tuairiscithe: Meitheamh 2024 – Meitheamh 2025

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

## Clár Ábhar

1. Réamhrá ........ 2

Príomh-Bhuaicphointí ........ 3

2. Sainmhínithe ........ 3

3. Sonraí ........ 6

3.1 Foinse Sonraí ........ 6

3.2 Coigeartuithe agus neastacháin ........ 7

3.3 Cosaint Sonraí ........ 7

4. Próifíl Fostaíochta ........ 8

5. Próifíl na Bearna Pá idir na hInscní ........ 8

6. Miondealú Inscne de réir Ceathairíle ........ 10

Anailís Ceathairíle ........ 11

7. Anailís ........ 12

8. Bearta chun aghaidh a thabhairt ar an mBearna Phá idir na hInscní ........ 14

Earcaíocht ........ 14

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ........ 15

Cothromaíocht Oibre is Saoil ........ 16

Beartas Sos Míostraithe ........ 17

Anailís Sonraí agus Taighde Cáilíochtúil ........ 18

Líonrú Idir-rannach ........ 19

9. Conclúid ........ 20

AGUISÍN: ........ 22

Comparáid leis an mBearna Phá idir na hInscní sa bhliain 2024 – Staitisticí ........ 22

## 1. Réamhrá

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) tiomanta go fóill d'éagsúlacht, cothromas agus paireacht inscne a chothú ina áit oibre. Tá rún daingean againn fórsa saothair atá comhionann, cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn agus an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh laistigh dár n-eagraíocht. Tugtar sa tuarascáil seo forbhreathnú ar an mbearna phá idir na hinscní sa Choimisiún sa bhliain 2025, de réir an Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021[1].

Is bunaithe ar shonraí don tréimhse 2024-2025 atá an dara tuarascáil uaidh ar an mbearna phá idir na hinscní á foilsiú ag an gCoimisiún i mí na Samhna 2025.

Is é an 20 Meitheamh 2025 an dáta léargais don Choimisiún i mbliana. Comhaireadh an líon fostaithe ar an dáta sin, agus ríomhadh an fhaisnéis faoi phá na n-inscní bunaithe ar luach saothair na bhfostaithe sin don tréimhse 12 mhí dar críoch an 20 Meitheamh 2025. Tá an phróifíl fostaíochta agus próifíl na bearna pá idir na hinscní don tréimhse tuairiscithe sin curtha i láthair sa tuarascáil seo.

Bhí 272 fhostaí san iomlán ag an gCoimisiún ag an dáta léargais. Fostaithe den inscne bhaineann a bhí i 54.40% (147 nduine) díobh agus fostaithe den inscne fhireann a bhí i 45.95% (125 dhuine) díobh.


Don tréimhse tuairiscithe, is ag an gCoimisiún atá bearna mheánach phá idir na hinscní atá cothrom le **5.80%** i bhfabhar na bhfear agus bearna airmheánach phá atá cothrom le **-0.42%** i bhfabhar na mban. Scrúdaítear sa tuarascáil an bhearna thuairiscithe phá agus na bearta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt uirthi.


Tá an Coimisiún tiomanta do dhul chun cinn leanúnach a dhéanamh ar chomhionannas, ar chuimsitheacht, agus ar an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh. Léirítear sa tuarascáil ár gcur chuige marthanach, a bhfuil beartas náisiúnta agus ceanglais reachtacha éabhlóideacha mar bhuntaca leis.

[1] An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021

## Príomh-Bhuaicphointí

- Líon Iomlán Fostaithe: 272 (147 bhFostaí den Inscne Bhaineann, 125 Fhostaí den Inscne Fhireann)
- Ionadaíocht na nDaoine den Inscne Bhaineann san Fhórsa Saothair: 54%
- An Bhearna Mheánach Phá idir na hInscní: 5.80% (i bhfabhar na bhfear)
- An Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní: -0.42% (i bhfabhar na mban)




## 2. Sainmhínithe

1. **An Bhearna Phá idir na hInscní**: Is gnách go léirítear an bhearna phá idir na hinscní mar mheándifríocht idir an tuilleamh comhlán san uair an chloig a fhaigheann fir agus an tuilleamh comhlán san uair an chloig a fhaigheann mná, agus í curtha in iúl mar chéatadán de mheántuilleamh comhlán san uair an chloig a fhaigheann fir. Tugann bearna dhearfach phá idir na hinscní le fios gur measa staid na mban ná staid na bhfear ar an meán ar fud an daonra fhostaithe. Tugtar a mhalairt le fios i gcás gur diúltach atá an bhearna phá idir na hinscní, is é sin le rá gur measa staid na bhfear ná staid na mban ar an meán.

2. **Dáta iomchuí:** ciallaíonn sé seo an dáta, i mí an Mheithimh gach bliain, atá roghnaithe ag fostóir iomchuí chun críocha na tuarascála.

3. **Fostaí iomchuí:** ciallaíonn sé seo duine ar fostaí é nó í chun críocha an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, agus atá fostaithe ag an bhfostóir iomchuí ar an dáta léargais.

4. **Fostóir iomchuí:** ciallaíonn sé seo fostóir a bhfuil níos mó ná 150 fostaí aige ar an dáta léargais. Tréimhse iomchuí phá: ciallaíonn sé seo an tréimhse 12 mhí dar críoch an dáta léargais.

5. **Pá uainphréimhe:** ciallaíonn sé seo an difríocht idir bunphá agus aon ráta níos airde a íocann an fostóir as obair le linn amanna difriúla den lá nó den oíche.

6. **Uaireanta oibre:** ciallaíonn sé seo na huaireanta ina mbíonn fostaí iomchuí ar fáil, nó ina gceanglaítear air nó uirthi a bheith ar fáil, ag a áit fostaíochta nó ag a háit fostaíochta nó in aice léi chun críocha oibre, ach ní fholaíonn sé na huaireanta ina mbíonn an fostaí iomchuí ina chodladh nó ina codladh, d’ainneoin go gcodlaíonn an fostaí iomchuí, trí shocrú, ag a áit fostaíochta nó ag a háit fostaíochta nó in aice léi agus go soláthraíonn an fostóir iomchuí saoráidí oiriúnacha codlata don fhostaí iomchuí sin.

7. **Ráta an Fhostaí san Uair an Chloig:** Ríomhtar luach saothair an fhostaí san uair an chloig trí ghnáthphá iomlán an fhostaí i leith na tréimhse tuairiscithe a roinnt ar an líon uaireanta a oibríodh sa tréimhse sin.

8. **Folaíonn gnáthphá na nithe seo a leanas**: an gnáth-thuarastal a íoctar leis an bhfostaí; liúntais; ragobair; pá uainphréimhe; pá as saoire bhreoiteachta; agus aon bhreisithe tuarastail i leith saoire reachtúil, amhail saoire mháithreachais/saoire atharthachta/saoire do thuismitheoirí.

9. **An Bhearna Mheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní:** Is ionann an bhearna mheánach phá idir na hinscní agus an difríocht idir an meánphá san uair an chloig a fhaigheann mná laistigh dár n-eagraíocht agus é sin a fhaigheann fir laistigh dár n-eagraíocht.

10. **An Bhearna Airmheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní:** Is ionann an bhearna airmheánach phá idir na hinscní agus an difríocht idir an pá airmheánach san uair an chloig a fhaigheann mná (an bhean a fhaigheann an lárphá) agus an pá airmheánach san uair an chloig a fhaigheann fir (an fear a fhaigheann an lárphá). Ríomhtar an pá airmheánach san uair an chloig trí na fostaithe uile a rangú ón duine is airde pá go dtí an duine is ísle pá agus tríd an bpá san uair an chloig a fhaigheann an duine sa lár a thógáil.

11. **Ceathairíleanna:** Eagraíodh fostaithe ina gceathairíleanna bunaithe ar an luach saothair san uair an chloig a fhaigheann na fostaithe lánaimseartha uile den inscne fhireann agus den inscne bhaineann: an cheathairíl íochtair; an cheathairíl íosláir; an cheathairíl uasláir; agus an cheathairíl uachtair. Cuireadh sciar na bhfostaithe den inscne fhireann agus den inscne bhaineann i ngach ceathairíl in iúl mar chéatadán. Níl aon cheanglas ann an fhaisnéis sin a léiriú d'fhostaithe páirtaimseartha ná d'fhostaithe sealadacha.

12. **Dáta Léargais:** Ceanglaítear ar fhostóirí a bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe maidir leo an fhaisnéis faoin mbearna phá idir na hinscní a ríomh agus a fhoilsiú i leith na ndaoine iomchuí atá fostaithe acu ar an dáta roghnaithe léargais, agus tá na ríomhanna le bunú ar luach saothair na bhfostaithe sin don tréimhse 12 mhí roimh an dáta léargais. Ceanglaítear ar fhostóirí dáta léargais a roghnú. Cé nach mór an dáta léargais a bheith i mí an Mheithimh, féadfar aon dáta ar bith i mí an Mheithimh a roghnú.

13. **Pá comhionann:** Ní chiallaíonn prionsabal an phá chomhionainn nach mór an méid céanna a íoc le gach oibrí; ciallaíonn sé nach mór aon difríochtaí pá a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla, gan a bheith bainteach le hinscne.

14. **Gnáthphá:** ciallaíonn sé seo na cineálacha luacha saothair seo a leanas is iníoctha le fostaí iomchuí sula ndéantar aon asbhaintí reachtúla –
    a) Bunphá
    b) Liúntais,
    c) Pá as tascobair,
    d) Pá uainphréimhe, nó

e) Pá ragoibre,
f) Pá as saoire bhreoiteachta,
g) Aon bhreisithe tuarastail i leith cineálacha saoire reachtúla, amhail saoire mháithreachais/saoire atharthachta/saoire do thuismitheoirí/saoire uchtaíoch,
h) Pá as saoire gharraíodóireachta.

Ach ní fholaíonn sé -

a) luach saothair is inchurtha i leith iomarcaíochta nó i leith foirceannadh fostaíochta, nó

b) luach saothair seachas airgead

15. **Obair pháirtaimseartha:** Tá fostaí páirtaimseartha in Éirinn mínithe sa dlí mar fhostaí a bhfuil a ghnáthuaireanta oibre nó a gnáthuaireanta oibre níos lú ná gnáthuaireanta oibre aon fhostaí ar fostaí inchomparáide é nó í. I gcás an pháipéir seo, glactar leis gur go páirtaimseartha a oibríonn aon duine a bhfuil a stádas fostaíochta lánaimseartha níos lú ná a haon. Ní fholaíonn obair pháirtaimseartha aon duine atá ar shaoire neamhíoctha nó a ghlac saoire neamhíoctha le linn na tréimhse tuairiscithe, mar shampla saoire do thuismitheoirí.

# 3. Sonraí

## 3.1 Foinse Sonraí

Ba í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a sholáthair na sonraí don tuarascáil seo, agus leas á bhaint as sonraí párolla an Choimisiúin. Foinsítear na sonraí párolla trí na nithe seo a leanas:

- An Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna, ar córas ar fud na státseirbhíse é lena dtaifeadtar faisnéis fostaithe ionas gur féidir an tuarascáil seo a thiomsú agus a anailísiú, lena n-áirítear sonraí faoi inscne, stádas fostaíochta agus patrúin phostroinnte fostaithe.

- Bogearraí párolla MakoData a mbaineann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte úsáid astu, ar bogearraí iad lenar soláthraíodh faisnéis phá a bhaineann leis an tréimhse tuairiscithe, lenar áiríodh sonraí faoi ghnáthphá.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na sonraí ón dá chóras réamhluaite, bhíothas in ann na ríomhanna agus an tiomsú ba ghá a dhéanamh.

## 3.2 Coigeartuithe agus neastacháin

Bhí 272 fhostaí san iomlán ag an gCoimisiún ar an dáta léargais an 20 Meitheamh 2025. Is ionann an miondealú fostaithe agus foinse mhéadrachtaí na tuarascála, ina léirítear céatadán na bhfostaithe den inscne fhireann agus den inscne bhaineann ar an dáta léargais.

- Cé go gcuirtear fostaithe atá ar shaoire neamhíoctha amhail sosanna gairme (i.e., fostaithe atá ar shos gairme le níos mó ná 12 mhí) agus nach bhfuair aon phá le linn na tréimhse tuairiscithe ar áireamh sa líon foirne, ní chuirtear iad ar áireamh sa tuarascáil seo.
- Ní chuirtear fostaithe atá ar iasacht chuig an gCoimisiún ach a n-íocann eagraíochtaí eile iad ar áireamh sa tuarascáil seo.
- Cuirtear fostaithe atá ar shaoire bhreoiteachta ar áireamh sa tuarascáil seo.


## 3.3 Cosaint Sonraí

Ba iad baill den Aonad um Dhaoine agus Foghlaim a thiomsaigh na sonraí i gcomhar le hoifigigh ó rannóg Seirbhísí Comhroinnte Párolla na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus ar aon dul le hoibleagáidí Cosanta Sonraí. I gcás na sonraí uile a úsáideadh chun an tuarascáil seo a chur le chéile, ba iad fostaithe a bhfuil rochtain acu ar na sonraí sin mar chuid dá ngnáthdhualgais laethúla laistigh den Aonad um Dhaoine agus Foghlaim de chuid an Choimisiúin a phróiseáil iad. Is staitisticí comhcheangailte iad na staitisticí uile sa tuarascáil seo, agus ní shainaithnítear aon daoine aonair iontu.


## 4. Próifíl Fostaíochta

Is daoine den inscne bhaineann atá i 54% d'fhórsa saothair an Choimisiúin faoi láthair, agus is daoine den inscne fhireann atá i 46% de.


Bhí **272 dhuine** fostaithe ag an gCoimisiún ag an dáta léargais.




Líon iomlán fostaithe = 272.
147 bhFostaí den Inscne Bhaineann agus 125 Fhostaí den Inscne Fhireann




Fostaithe Lánaimseartha – 268
143 bhFostaí den Inscne Bhaineann agus 125 Fhostaí den Inscne Fhireann




Fostaithe Páirtaimseartha – 4
0 Fostaí den Inscne Fhireann agus 4 Fhostaí den Inscne Bhaineann.

## 5. Próifíl na Bearna Pá idir na hInscní


Is é atá sa bhearna phá idir na hinscní ná an difríocht sa mheánphá san uair an chloig do dhaoine den inscne fhireann agus do dhaoine den inscne bhaineann ar fud


fórsa saothair. Ní chuirtear san áireamh inti aon tosca eile (mar shampla, blianta seirbhíse, grád, nó aon tréimhse saoire reachtúla).

Agus an ráta meánach san uair an chloig á úsáid, ba é an bhearna phá idir na hinscní don tréimhse tuairiscithe ná 5.80% i bhfabhar fostaithe den inscne fhireann. Agus an ráta airmheánach san uair an chloig á úsáid, ba é an bhearna phá idir na hinscní ná -0.42% i bhfabhar fostaithe den inscne bhaineann.

Tá an Coimisiún ag tuairisciú na méadrachtaí seo a leanas maidir leis an mbearna phá idir na hinscní don bhliain 2025:

**Cairt ina gCuirtear an Bhearna Mheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní agus an Bhearna Airmheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní i gComparáid le Chéile**



**Príomhfhionnachtana**

- **An Bhearna Mheánach Phá idir na hInscní:** 5.80%, rud a chiallaíonn go bhfuil an meánphá do mhná 5.8% níos ísle ná an meánphá d'fhir.
- **An Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní:** -0.42%, rud a léiríonn go bhfuil an pá airmheánach san uair an chloig do mhná beagáinín níos airde ná an pá airmheánach san uair an chloig d'fhir.

Ceanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, ar eagraíochtaí an Bhearna Mheánach Phá idir na hInscní agus an Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní a sholáthar mar chéatadán ar fud trí chatagóir dhifriúla:

- Na Fostaithe Uile
- Fostaithe Páirtaimseartha
- Fostaithe Sealadacha

| | **An Bhearna Phá idir na hInscní maidir le Luach Saothair** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Bearna Mheánach (€) | Meánach % | Bearna Airmheánach (€) | Airmheánach % |
| **Na Fostaithe Uile** | 2.06 | 5.80% | -0.14 | -0.42 |
| Fostaithe Páirtaimseartha* | N/B | N/B | | N/B |
| Fostaithe Sealadacha | N/B | N/B | | N/B |

*Is daoine den inscne bhaineann atá i ngach duine den cheathrar fostaithe páirtaimseartha. Ós rud é nach bhfuil aon fhostaithe páirtaimseartha den inscne fhireann ann, ní féidir an bhearna mheánach phá ná an bhearna airmheánach phá a shainiú i gcás fostaithe páirtaimseartha.

## 6. Miondealú Inscne de réir Ceathairíle


Tugtar i miondealuithe ceathairíle léargas ar an ionadaíocht inscne ar gach leibhéal pá. Úsáidtear san anailís deighiltí comhionanna fostaithe in aghaidh na ceathairíle chun tuiscint a ghnóthú ar an dáileadh ar fud bandaí pá.

Eagraíodh fostaithe ina gceathairíleanna bunaithe ar an luach saothair san uair an chloig a fhaigheann na fostaithe lánaimseartha uile den inscne fhireann agus den

inscne bhaineann: an cheathairíl íochtair (an chéad cheathairíl); an cheathairíl íosláir (an dara ceathairíl); an cheathairíl uasláir (an tríú ceathairíl); agus an cheathairíl uachtair (an ceathrú ceathairíl).


Cuireadh sciar na bhfostaithe lánaimseartha den inscne fhireann (i ndath flannbhuí) agus den inscne bhaineann (i ndath gorm) i ngach ceathairíl in iúl mar chéatadán. Níl aon cheanglas ann an fhaisnéis sin a léiriú d’fhostaithe páirtaimseartha ná d’fhostaithe sealadacha.

## Anailís Ceathairíle





Ceathairíl 1: 68 bhFostaí

38 bhFostaí den Inscne Bhaineann | 30 Fostaí den Inscne Fhireann





Ceathairíl 2: 68 bhFostaí

34 Fhostaí den Inscne Bhaineann | 34 Fhostaí den Inscne Fhireann




Ceathairíl 3: 68 bhFostaí

38 bhFostaí den Inscne Bhaineann | 30 Fostaí den Inscne Fhireann




Ceathairíl 4: 68 bhFostaí

37 bhFostaí den Inscne Bhaineann | 31 Fhostaí den Inscne Fhireann

## 7. Anailís

Faigheann fir agus mná a oibríonn sna róil chéanna sa Choimisiún pá comhionann.

**An Bhearna Phá Cheannlíne idir na hInscní:** Is é 5.80% an bhearna mheánach phá idir na hinscní, rud atá i bhfad níos fearr ná an figiúr don bhliain seo caite, tráth a bhí an bhearna mheánach phá idir na hinscní cothrom le 7.49% i bhfabhar na bhfear. Agus í cothrom le -0.42%, tugann an bhearna airmheánach phá idir na hinscní le tuiscint go bhfuil an bhearna phá an-bheag ag an lárphointe den dáileadh pá agus go bhfuil sí i bhfabhar na mban i mbliana. Tá sé sin i bhfad níos fearr ná an figiúr don bhliain seo caite freisin, tráth a bhí an bhearna airmheánach phá idir na hinscní cothrom le 2.33% i bhfabhar na bhfear.

**Príomhchúiseanna:**

- Tá próifíl pá na n-inscní nasctha leis an am a chuaigh fostaí isteach san eagraíocht agus a d’fhág sé nó sí an eagraíocht, le soghluaisteacht an fhostaí agus le gníomhaíocht ardú céime an fhostaí, agus téann an méid sin ar fad i bhfeidhm uirthi.

- Is ar bhonn comhionann a thairgtear ragobair nó aon liúntais do ghráid incháilithe, nuair is gá déanamh amhlaidh. Níor tairgeadh aon ragobair d'aon bhall foirne de chuid an Choimisiúin sa tréimhse iomchuí.
- Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí 21 bhall foirne san iomlán ag grád an Phríomhoifigigh agus ag gráid níos airde. Is daoine den inscne fhireann atá i 13 dhuine díobh, agus is daoine den inscne bhaineann atá in ochtar díobh. Rannchuidigh sé sin leis an mbearna phá toisc go raibh níos mó fear ag na gráid sin agus toisc go raibh siad ar phointí níos airde dá scálaí pá faoi seach mar gheall ar an tseirbhís níos faide a bhí curtha isteach acu ag na gráid sin.
- Le linn na tréimhse tuairiscithe, fuair duine amháin den inscne bhaineann ardú céime chuig grád an Phríomhoifigigh Chúnta sa Choimisiún, agus fuair triúr den inscne bhaineann ardú céime chuig grád an Phríomhoifigigh. I gcomparáid leis sin, ní bhfuair ach duine amháin den inscne fhireann ardú céime chuig grád an Phríomhoifigigh sa Choimisiún i mbliana, agus ní bhfuair aon duine den inscne fhireann ardú céime chuig grád an Phríomhoifigigh Chúnta.
- Cheap an Coimisiún seisear Príomhoifigeach Cúnta den inscne bhaineann agus beirt Phríomhoifigeach Cúnta den inscne fhireann i mbliana.
- D'fhág triúr Ardoifigeach Feidhmiúcháin den inscne bhaineann an eagraíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.
- Ar an iomlán, ba mhó an líon ball foirne den inscne bhaineann ná an líon ball foirne den inscne fhireann a chuaigh isteach sa Choimisiún le linn na tréimhse tuairiscithe seo. I gcomparáid leis sin, ba mhó an líon ball foirne den inscne fhireann ná an líon ball foirne den inscne bhaineann a chuaigh isteach sa Choimisiún le linn na tréimhse tuairiscithe roimhe. Tháinig 40 ball foirne nua den inscne bhaineann isteach sa Choimisiún le linn na tréimhse tuairiscithe seo, i gcomparáid le 25 bhall foirne nua den inscne bhaineann sa tréimhse tuairiscithe roimhe.

# 8. Bearta chun aghaidh a thabhairt ar an mBearna Phá idir na hInscní

Chuir an Coimisiún bearta cuimsitheacha chun feidhme ar fud roinnt réimsí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí pá idir na hinscní agus chun comhionannas a chur chun cinn san áit oibre.

## Earcaíocht

**Cuspóir:** Próisis earcaíochta atá cóir, cothromasach agus cuimsitheach a chinntiú.

**Príomhbhearta:**

- Is de réir an Chóid Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a reáchtáiltear gach comórtas inmheánach agus gach comórtas seachtrach[2].
- Is é Publicjobs, an soláthraí láraithe earcaíochta Státseirbhíse, a dhéileáil le formhór na riachtanas earcaíochta seachtraí a bhí ag an gCoimisiún go dtí seo. Aithníonn an Coimisiún agus an Státseirbhís i gcoitinne an éagsúlacht, agus tá meas acu uirthi, agus oibríonn Publicjobs chun tallann éagsúil a mhealladh chuig gairmeacha sa státseirbhís agus sa mhórsheirbhís phoiblí. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise ó Publicjobs dar teideal Nua 2026[3] roinnt tionscnamh a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil an tseirbhís phoiblí ionadaíoch don tsochaí ar a bhfreastalaíonn sí. Mar aon le stiúradh a dhéanamh ar an obair chun líonraí earcaíochta a fhorbairt do ghrúpaí mionlaigh agus do ghrúpaí atá imeallaithe agus atá faoi thearcionadaíocht agus chun cabhrú go gníomhach leis na líonraí sin a fhorbairt, tá súil acu go n-aithneofar iad mar cheannaire smaointeoireachta i ndáil le daoine a mhealladh, a roghnú agus a earcú, agus tionchar á imirt acu ar chleachtais chuimsitheacha san earnáil phoiblí.
- Coinníonn boird agallaimh ionadaíocht chothromaithe inscne ar bun.

---

[2] Cód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí
[3] Ráiteas Straitéise Publicjobs, Nua 2026

- Le linn na hoiliúna a chuirtear ar an mbord agallaimh, leagtar díriú suntasach ar raon foras tábhachtach faoin reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta[4]. Cuid den oiliúint sin is ea oiliúint i 'gclaontuairim neamh-chomhfhiosach' a aithint agus a sheachaint, lena n-áirítear aon chlaontuairim a bhaineann le hinscne.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

**Cur Chuige Straitéiseach:** Tá an Coimisiún ag leabú cultúr cuimsitheach, éagsúil agus cothromasach isteach san eagraíocht ar fad, agus na hiarrachtaí sin faoi stiúir ag ár gCoiste tiomnaithe um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, a dhéanann ionadaíocht do dhaoine ag gach leibhéal gráid. Tá an obair sa réimse seo ag teacht le Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030[5] agus le Straitéis Rialála an Choimisiúin[6].

Tá sé mar sprioc againn caidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe agus sainaithint a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúla lena leantar le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn ionas go mbeidh áit oibre níos comhionainne agus níos éagsúla againn.

**Príomhthionscnaimh:**

- Déanann Coiste tiomnaithe um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ionadaíocht do gach ball foirne, agus tá Cathaoirleach an Choiste ina c(h)omhalta den Choiste Ardbhainistíochta.
- Rinne an Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus an tAonad um Dhaoine agus Foghlaim roinnt tionscnamh éagsúil a ghabháil de láimh agus a chur chun cinn ar mhaithe le cultúr cuimsitheach a leabú isteach sa Choimisiún.
- Socraíodh buiséad tiomnaithe do thionscnaimh um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, freastalaíodh ar chomhdhálacha, tugadh cuireadh do chainteoirí seachtracha, agus reáchtáladh seisiúin feasachta agus oiliúint iomchuí.

---

[4] An reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta
[5] Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030
[6] Straitéis Rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

- Reáchtáladh líonraí tacaíochta agus socraíodh acmhainní agus tacaí d'fhostaithe, amhail an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse, Oifig an Phríomh-Dhochtúra Oifigiúil, agus an líonra tacaíochta LADTA+
- Eisíodh beartais thiomnaithe, amhail beartas Sos Míostraithe an Choimisiúin, atá ag teacht le creat Sos Míostraithe na Státseirbhíse[7].
- Reáchtáladh podchraoladh le Príomhoifigigh den inscne bhaineann san eagraíocht, agus iad ag labhairt faoi na heispéiris, na dúshláin agus na deiseanna a bhí acu le linn a ngairme.
- Eagraíodh Tráth na gCeist do Lá Idirnáisiúnta na mBan chun éachtaí na mban ar fud na cruinne a cheiliúradh.
- D'fhreastail roinnt comhghleacaithe sa Choimisiún ar imeacht a reáchtáil an Roinn Gnóthaí Eachtracha do Lá Idirnáisiúnta na mBan.
- Cuireadh raon beartas a thacaíonn le teaghlaigh agus a éascaíonn cothromaíocht oibre is saoil chun feidhme agus chun cinn.

## Cothromaíocht Oibre is Saoil

**Aidhm:** Cothromaíocht oibre is saoil agus comhdheiseanna a chur chun cinn agus, ar an tslí sin, fórsa saothair níos dinimiciúla, níos beo-intinní agus níos freagrúla a thógáil, agus caighdeáin láidre feidhmíochta agus ardleibhéil táirgiúlachta á gcothú an tráth céanna.

**Beartais Bhunaithe:**

- Forbraíodh an Beartas um Obair Chumaisc ón gCoimisiún faoin gCreat Beartais don Obair Chumaisc in Eagraíochtaí Státseirbhíse[8].
- Socruithe fleisc-ama, de réir an Bheartais um Obair Sholúbtha ón gCoimisiún.
- Deiseanna postroinnte trí Scéim Postroinnte na Státseirbhíse[9].
- An Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra[10]

[7] Creat Sos Míostraithe na Státseirbhíse
[8] Creat Beartais don Obair Chumaisc in Eagraíochtaí Státseirbhíse
[9] Scéim Postroinnte na Státseirbhíse
[10] An Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra

- Beartais a thacaíonn le teaghlaigh, amhail Saoire do Thuismitheoirí[11], Saoire Tuismitheora[12], Saoire Cúramóra[13], Saoire Atharthachta[14] agus Saoire Mháithreachais[15].

**Tairbhí:**

- Feabhas ar rannpháirtíocht fostaithe.
- Deiseanna níos fearr agus níos comhionainne le haghaidh dul chun cinn gairme, agus bacainní laghdaithe ar dhul chun cinn gairme.
- Ag gníomhú di trína clinicí acmhainní daonna agus trína cláir ionduchtúcháin fostaithe, reáchtálann an fhoireann um Dhaoine agus Foghlaim sraith seisiún faisnéise atá deartha chun comhghleacaithe a chur ar an eolas faoi na cineálacha difriúla saoire atá ar fáil. Áirítear leis sin seisiún ar roghanna saoire a thacaíonn le teaghlaigh agus ar conas is féidir na roghanna sin a rochtain.

## Beartas Sos Míostraithe

Tá an Coimisiún tiomanta d'áit oibre chuimsitheach thacúil a chothú, áit a gcaitear le gach fostaí le dínit, le meas agus le tuiscint agus a dtugtar tús áite dá sláinte agus dá bhfolláine. Mar gheall ar an tionchar a imríonn an sos míostraithe ar fhostaithe, d'fhoilsigh an Coimisiún Beartas Sos Míostraithe mar chuid dá iarrachtaí leanúnacha chun dínit, meas, cuimsitheacht agus comhionannas inscne a chur chun cinn san áit oibre. Tá sé mar aidhm leis an mbeartas sin feasacht a mhúscailt ar an sos míostraithe, treoir a sholáthar maidir le coigeartuithe san áit oibre agus breac-chuntas a thabhairt ar na tacaí atá ar fáil d'fhostaithe a bhfuil comharthaí sos míostraithe orthu.

Ar aon dul leis an gCreat Beartais um Shos Míostraithe san Áit Oibre d'Eagraíochtaí Státseirbhíse[16] agus leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2021, cinntítear leis an mbeartas go dtugtar tacaíocht dóibh sin go léir a bhfuil

[11] Saoire do Thuismitheoirí
[12] Saoire Tuismitheora
[13] Saoire Cúramóra
[14] Saoire Atharthachta
[15] Saoire Mháithreachais
[16] Creat Beartais um Shos Míostraithe san Áit Oibre d'Eagraíochtaí Státseirbhíse

comharthaí sos míostraithe orthu. Leagtar béim ann ar chultúr a chruthú ina mbíonn fostaithe ar a gcompord le linn comharthaí a phlé, coigeartuithe a iarraidh agus acmhainní a rochtain, lena n-áirítear faisnéis faoi chúram sláinte agus faoi shocruithe réasúnacha.

**Bearta Tacaíochta:**

- Coigeartuithe san áit oibre agus socruithe réasúnacha
- Rochtain ar Sheirbhísí Cúnaimh d’Fhostaithe tríd an tSeirbhís Chúnaimh d’Fhostaithe na Státseirbhíse[17]
- Oifigeach Idirchaidrimh tiomnaithe um Míchumas chun tacú le gach ball foirne
- Tionscnaimh shláinte agus folláine
- Tionscnaimh feasachta agus oiliúint bainisteoirí
- Beartas láidir um Dhínit san Áit Oibre[18]
- Scrúduithe tréimhsiúla sláinte

## Anailís Sonraí agus Taighde Cáilíochtúil

Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin a shocraíonn na rátaí pá agus na téarmaí agus coinníollacha do gach státseirbhíseach ar bhonn aonfhoirmeach lárnach. Cé go n-éascaíonn sé sin méid áirithe trédhearcachta agus rialachais maidir le saincheisteanna a bhaineann le pá, fágann sé freisin nach bhfuil aon údarás ag an gCoimisiún chun téarmaí agus coinníollacha a chuid fostaithe a athrú. Mar sin féin, tá an Coimisiún lántiomanta do leanúint leis na beartais agus na tacaí láidre atá i bhfeidhm againn a fhorbairt agus a sholáthar, á chinntiú go gcuirtear iad chun cinn, go dtuigtear iad agus go bhfeidhmíonn siad go héifeachtach chun a chinntiú go rannchuidíonn siad leis an aidhm atá againn an bhearna a ghiorrú idir rátaí meánacha agus airmheánacha d’fhostaithe den inscne bhaineann agus d’fhostaithe den inscne fhireann.

Tá sé beartaithe againne laistigh den Choimisiún cur chuige fianaisebhunaithe a ghlacadh chun cultúr cothromais a leabú.

[17] An tSeirbhís Chúnaimh d’Fhostaithe na Státseirbhíse
[18] Beartas um Dhínit san Áit Oibre

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhréimsí a ndéanann an Coimisiún anailís orthu ó am go ham chun bonn eolais a chur faoi thuilleadh cinnteoireachta:

- Anailís sonraí fórsa saothair, rud a dhéantar le haghaidh pleanáil straitéiseach fórsa saothair de réir gráid, róil agus dul chun cinn
- Athbhreithnithe beartais agus cleachtais (athbhreithnithe inmheánacha agus seachtracha)
- Rannpháirtíocht i líonraí chun tuiscint a ghnóthú ar na bunchúiseanna ar fud na státseirbhíse.
- Anailís ar an nglacadh le sosanna gairme, leis an scéim um bliain oibre níos giorra agus leis an scéim postroinnte agus ar an tionchar a bhíonn acu ar phleanáil straitéiseach fórsa saothair, mar aon le patrúin ardú céime.
- Tagarmharcáil in aghaidh eagraíochtaí inchomparáide

## Líonrú Idir-rannach

Glacann an Coimisiún cur chuige comhoibríoch trí fhoghlaim chomhroinnte atá bunaithe ar dhea-chleachtas na hearnála poiblí agus na státseirbhíse

**Rannpháirtíocht sna Líonraí seo a leanas:**

- Líonraí idir-rannacha acmhainní daonna
- Pobail ghairmiúla chomhionannais, éagsúlachta agus chuimsithe agus grúpaí amhail an líonra comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe, líonraí Bróid, an líonra LADTA+, etc.
- An Líonra Idir-rannach Foghlama agus Forbartha
- Líonra Bainisteoirí Acmhainní Daonna an Ghrúpa Rialálaithe Digiteacha
- Líonra an Ghrúpa Rialálaithe Eacnamaíocha
- Líonra Folláine na Státseirbhíse
- An Líonra Idir-rannach Earcaitheoirí
- An Líonra Oifigeach Idirchaidrimh um Míchumas

## 9. Conclúid

Athdhearbhaítear sa Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní don bhliain 2025 an tiomantas leanúnach atá ag an gCoimisiún do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Cé go léirítear dul chun cinn sna torthaí, tarraingítear aird iontu freisin ar réimsí a bhfuil díriú leantach le leagan orthu:

**Príomhéachtaí**

- **Torthaí Feabhsaithe:** Agus í cothrom le 5.80%, is fearr an bhearna mheánach phá idir na hinscní i mbliana ná an figiúr don bhliain seo caite – ba é sin, 7.49%. Tá an bhearna airmheánach phá idir na hinscní cothrom le -0.42% i mbliana. Tháinig feabhas suntasach ar an mbearna airmheánach phá idir na hinscní agus tá sí i bhfabhar na mban anois. I gcomparáid leis sin, bhí sí cothrom le 2.33% an bhliain seo caite. (Féach an t-aguisín le haghaidh faisnéis faoin mbearna phá idir na hinscní sa bhliain 2024)
- **Ionadaíocht san Fhórsa Saothair:** Ionadaíocht 54% do dhaoine den inscne bhaineann ar fud na heagraíochta.
- **Creat Cuimsitheach:** Cur chuige ilghnéitheach i leith aghaidh a thabhairt ar bhearnaí pá
- **Bunchloch Láidir:** Beartais agus struchtúir thacaíochta láidre i bhfeidhm

**Réimsí a bhfuil Díriú Leantach le Leagan Orthu**

- **Dáileadh Gráid:** Féachaint le hionadaíocht atá réasúnta cothromaithe a bhaint amach ar fud na leibhéal uile
- **Dul Chun Cinn Gairme:** Tacú le deiseanna ardú céime do gach fostaí
- **Tosca Sistéamacha:** Taighde a dhéanamh ar aon neamhionannais struchtúrtha shainaitheanta agus anailís a dhéanamh ar na neamhionannais sin agus aghaidh a thabhairt orthu
- **Faireachán Leanúnach:** Bearta a athbhreithniú agus a mhionchoigeartú go tráthrialta

**Tiomantas Amach Anseo**

Tá an Coimisiún tiomanta do na nithe seo a leanas go fóill:

- Tuairisciú trédhearcach agus cuntasacht
- Forbairt beartais fhianaisebhunaithe
- Cur chuige comhoibríoch i leith dúshláin chomhionannais
- Feabhsú leanúnach ar chleachtais san áit oibre
- Ceannaireacht i dtionscnaimh chomhionannais san earnáil phoiblí


Cé gur údar misnigh í an bhearna phá idir na hinscní, léiríonn sí arís eile an tábhacht a bhaineann le faireachas marthanach agus le gníomhaíocht chórasach. Trí leanúint le bearta cuimsitheacha a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar earcaíocht, ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, ar obair sholúbtha, ar thacaíocht sos míostraithe, agus ar chomhoibriú piaraí, leanfaidh an Coimisiún le hobair i dtreo deireadh a chur le neamhionannais phá agus i dtreo áit oibre chuimsitheach a chruthú do gach fostaí.

## AGUISÍN:


### Comparáid leis an mBearna Phá idir na hInscní sa bhliain 2024 – Staitisticí

**2024**


Siar go Rannán 9





Na Fostaithe Uile – 226
125 Fhostaí den Inscne Bhaineann, 101 Fhostaí den Inscne Fhireann




Fostaithe Lánaimseartha – 222
121 Fhostaí den Inscne Bhaineann, 101 Fhostaí den Inscne Fhireann




Fostaithe Páirtaimseartha – 4
4 Fhostaí den Inscne Bhaineann, 0 Fostaí den Inscne Fhireann




An Bhearna Mheánach Phá idir na hInscní agus an Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní